AN COMÓRTAS SCRÍBHNEOIREACHTA SCÉAL EILE

CATAGÓIR NA SCOILEANNA SPEISIALTA AGUS NA RANGANNA SPEISIALTA

Tá an-áthas ar An Post agus Cumann Múinteoirí Éireann an comórtas scríbhneoireachta **Scéal Eile a fhógairt le** haghaidh 2019.

I mbliana, táimid ag iarraidh ar scoláirí smaoineamh ar na leabhair is fearr leo agus scéal a scríobh bunaithe ar an domhan sin. Pléigh scéalta den scoth agus carachtair iontacha agus samhlaigh céard a tharlódh dá mbeadh an léitheoir i gceannas ar an scéal.

Is féidir le gach scoláire a bhfuil aon riachtanais oideachais speisialta nó bhreise acu cur isteach ar Ghradam na Scoileanna Speisialta agus na Ranganna Speisialta.

CRITÉIR IONTRÁLA

1. Iarrtar ar scoláirí scríobh de láimh ar na foirmeacha iontrála (is féidir iad sin a íoslódáil)
2. Níl aon íoslíon focal ann
3. Tá dhá fhoirm iontrála ar fáil (is féidir le múinteoirí rogha a dhéanamh cé acu foirm iontrála a úsáidfidh siad, ag brath ar chumas gach páiste). Tá foirm iontrála ar a bhfuil línte níos leithne nó stiallghreannán cúig bhosca ar fáil, agus is féidir an péire acu a íoslódáil. Caithfidh baint a bheith ag gach iontráil leis an téama 'Críoch dhifriúil leis an scéal is fearr leat' nó 'Críoch dhifriúil le scéal carachtair thánaistigh (ón scéal is fearr leat)'.

CRITÉIR MHOLTÓIREACHTA

Déanfar na hiontrálacha a mheas bunaithe ar chruthaitheacht an tsaothair, agus cuirfear inléiteacht agus soiléireacht na lámhscríbhneoireachta san áireamh freisin. Is iad seo na critéir mholtóireachta:

1. Cur le chéile an scéil
2. Forbairt Carachtair
3. Lámhscríbhneoireacht, inléiteacht agus soiléireacht

into
Irish National Teachers' Organisation
Cumann Múinteoirí Éireann

an post IRISH BOOK AWARDS